

# SFCT GHG 1

## Dearbhú maidir le húsáid breosla sholadaigh ag Sealbhóir Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa



Tá an fhoirm seo le comhlánú ag Sealbhóir Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa chun go bhféadtar breosla soladach faoi fhaoiseamh cánach a fháil le húsáid le fearas mar atá údaraithe ag an gceadúnas lena mbaineann (féach Nótaí 1, 2 agus 4).

### Sonraí an tSealbhóra Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa (BLOCLITREACHA)

Ainm	<input type="text"/>
Seoladh (Eircode san áireamh)	<input type="text"/>
Uimhir Tagartha Cánach	<input type="text"/>
Uimhir an Cheadúnais GHG	<b>IE GHG</b> <input type="text"/>

### Sonraí an tSoláthraí Breosla (BLOCLITREACHA)

Ainm	<input type="text"/>
Seoladh (Eircode san áireamh)	<input type="text"/>
Uimhir Tagartha Cánach	<input type="text"/>

### Sonraí an tsoláthair:

#### (A) (A) Breosla Soladach le haghaidh Soláthair (féach Nóta 3 maidir le soláthairtí iomadúla)

Cineál Breosla	Gual	Brícíní móna	Móin mheilte	Móin eile
Cainníocht (tona)				
Dáta an tSoláthair				

#### (B) Ainm / Seoladh\* an Fhearais

\* Sa chás go bhfuil níos mó ná áitreabh amháin i gceist, tá liosta seoltaí le ceangal leis an dearbhú seo agus ba chóir "liosta ceangailte" a scríobh thall ó "Seoladh an Áitribh".

### Dearbhú:

Dearbhaím go bhfuil an breosla soladach a dhearbhaítear anseo lena sholáthar don Sealbhóir Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa thuasluaite lena húsáid san fhearas a shonraítear ag (B) thuas agus atá clúdaithe faoi Cheadúnas d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa eisithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Dearbhaím chomh maith, más rud é nach n-úsáidtear an breosla soladach lena mbaineann chun na críche seo, go n-íocfaidh mé an Cháin Charbóin ar Bhreosla Soladach atá dlite ar an mbreosla soladach sin de réir Alt 79 (3) den Acht Airgeadais, 2010 (féach Nóta 1).

Síniú: \_\_\_\_\_ Sínitheoir údaraithe (féach Nóta 5)

Ainm (Bloclitreacha): \_\_\_\_\_

Cáil: \_\_\_\_\_ (féach Nóta 5)

Dáta: \_\_\_\_ / \_\_\_\_ / \_\_\_\_

## Nótaí treorach ar an bhfoirm seo a chomhlánú

1. Ní mór don dearbhú seo a bheith comhlánaithe ag Sealbhóir Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa eisithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun go bhféadtar breosla soladach faoi fhaoiseamh cánach a fháil le húsáid le fearas mar atá údaraithe ag an gceadúnas lena mbaineann, ag ráta faoisimh iomlán nó i bpáirt de Cháin Charbóin ar Bhreosla Soladach (féach nóta 2), de réir Alt 82(3) den Acht Airgeadais 2010. D'fhonn soláthar a fháil, ní mór don sealbhóir Ceadúnais an dearbhú seo a chomhlánú i leith gach soláthar ar dtús agus é a thabhairt don soláthraí sula ndéanfar an soláthar, ach amháin mar a fhoráiltear dó faoi nóta 3 thíos. Ní mór don soláthraí an dearbhú a choinneáil lena chur i láthair do na Coimisinéirí Ioncaim de réir mar is gá.

Ba chóir íocaíochtaí atá dlite de réir Alt 79(3) den Acht Airgeadais, 2010 le haghaidh táirgí a sholáthraítear faoin dearbhú seo ach nach n-úsáidtear ina dhiaidh sin i bhfearais atá clúdaithe faoi Cheadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim agus ní mór don Sealbhóir Cheadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa an cháin chuí a íoc don tréimhse chuntasaíochta inar úsáideadh an breosla chun na críche eile sin.

2. Ní fhéadtar breosla soladach faoi fhaoiseamh cánach nó ag ráta cánach laghdaithe a sholáthar, ach ar an gcéad soláthar den bhreosla atá i gceist ag soláthraí atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha Cánach Charbóin ar Bhreosla Soladach agus a fuair leagan bunaidh den fhoirm dhearbhaithe seo atá comhlánaithe i gceart ón sealbhóir ceadúnais roimh an soláthar sin. Sa chás go bhfaigheann an sealbhóir ceadúnais soláthar breosla sholadaigh ar íocadh cáin charbóin air roimhe seo, ní fhéadfaidh an sealbhóir ceadúnais an faoiseamh a éileamh ach trí aisíocaíocht a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Is iad seo a leanas na catagóirí breosla agus na glanrátaí atá infheidhme maidir le breosla soladach a úsáidtear i bhfearais clúdaithe faoin gCeadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa:

Gual	Glanráta inmhuirir = €4.18 (in aghaidh an tonna breosla, cruinn le haon ionad deachúil amháin)
Bricíní	Glanráta inmhuirir = Náid
Móin Mheilte	Glanráta inmhuirir = Náid
Móin eile	Glanráta inmhuirir = Náid

3. Sa chás go bhfuil na horduithe uile déanta ag duine nó gnó le soláthraí breosla sholadaigh le húsáid i bhfearas atá clúdaithe faoi Cheadúnas d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa, féadfaidh sé go nglacfar le foirm dhearbhaithe chumaiscthe amháin ón soláthraí sin chun na soláthairtí iomadúla sin a chlúdach taobh istigh d'uastréimhse míosa féilire, ar an gcoinníoll go bhféadann na daoine lena mbaineann taifid tacaíochta shásúla a chur ar fáil chun na soláthairtí sin a réiteach leis an dearbhú míosúil agus go mbíonn an soláthraí in ann na soláthairtí a réiteach le taifid tacaíochta. Sa chás go bhfuil dearbhú cumaiscthe den chineál sin á dhéanamh, ba chóir an mhí atá i gceist a chur isteach mar "Dáta an tSoláthair" sna sonraí Soláthair i gCuid A den fhoirm dhearbhaithe.
4. Ní mór don sealbhóir ceadúnais atá ag déanamh an dearbhaithe a chinntiú go bhfuil an Ceadúnas d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa faoina bhfuil an faoiseamh á éileamh bailí agus i ndáta ag an tráth atá an breosla le soláthar, ceart don fhearas ina bhfuil an breosla soladach le húsáid ann agus go dtugann sé teideal don sealbhóir ceadúnais breosla faoi faoiseamh chánach a fháil de réir Alt 82(2) den Acht Airgeadais, 2010.
5. Ní mór don dearbhú úsáide breosla sholadaigh ag Sealbhóir Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa a bheith sínithe ag an sealbhóir ceadúnais nó ag duine údaraithe. Ní mór don duine sin an post atá acu sa ghnó a shonrú, mar shampla rúnaí na cuideachta, stiúrthóir na cuideachta, páirtneir, srl de réir mar is cuí
6. De réir na Rialachán Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach, 2013, ní mór do Shealbhóir Ceadúnais d'Astuithe Gáis Ceaptha Teasa taifid leordhóthanacha a choinneáil maidir le fáil agus úsáid breosla sholadaigh arna sholáthar faoi faoiseamh cánach, nó ag ráta cánach laghdaithe, mar aon le cóip den dearbhú seo.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Priobháideachtas** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.